

SLEAMHNÁIN DON PHLEAN CEACHTA



Bígí Eolach ar bhur gCearta agus Cuirigí bhur dTuairimí in Iúl!

Comhairliúchán arna réachtáil ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le Próiseáil
Sonraí Pearsanta Leanaí agus Cearta Leanaí mar Ábhair Shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí


LE TACAÍOCHT Ó OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission



ombudsman
do leanaí
for children







4

Is aip bhréige é SquadShare. Chruthaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an aip lena húsáid chun críocha oideachais amháin i gcomhthéacs an chomhairliúcháin seo. Maidir leis na hábhair a cruthaíodh don chomhairliúchán seo, níl sé i gceist go ndéanfaidh siad aon aip/ardán/seirbhís atá ann cheana agus/nó na téarmaí agus coinníollacha, an comhéadan nó aon ní eile ar leith a bhaineann le haon aip/ardán/seirbhís a athchruthú, a mhacasamhlú nó a léiriú.



Inis dúinn fút féin!

AINM

SLOINNE

CÉN AOIS THÚ?

LÁ	MÍ	BLIAIN
1	EAN	2001
2	FEA	2002
3	MÁR	2003
4	AIB	2004

Nuair a chliceálann tú ar 'Cláraigh mé!', tá tú ag deimhniú gur léigh tú agus gur thuig tú ár mBeartas Príobháideachais agus go n-aontaíonn tú lenár dTearmaí agus Coinníollacha

CLÁRAIGH MÉ!



Iontráil ainm úsáideora agus pasfhocal


 AINM ÚSÁIDEORA


 PASFHOCAL

Ba cheart uimhir agus carachtar speisialta (! nó #, mar shampla) a bheith ar áireamh i do phasfhocal agus ba cheart é a bheith 10 gcarachtar ar a laghad ar fad.

AR AGHAIDH



Iontráil do sheoladh ríomhphoist


RÍOMHPHOIST

AR AGHAIDH



6

Is aip bhréige é SquadShare. Chruthaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an aip lena húsáid chun críocha oideachais amháin i gcomhthéacs an chomhairliúcháin seo. Maidir leis na hábhair a cruthaíodh don chomhairliúchán seo, níl sé i gceist go ndéanfaidh siad aon aip/ardán/seirbhís atá ann cheana agus/nó na téarmaí agus coinníollacha, an comhéadan nó aon ní eile ar leith a bhaineann le haon aip/ardán/seirbhís a athchruthú, a mhacasamhlú nó a léiriú.





Téarmaí agus coinníollacha

Féadfaidh tú SquadShare a úsáid má tá tú 13 bliana d'aois nó níos sine. Má tá tú 13 bliana, 14 bliana nó 15 bliana d'aois, áfach, caithfidh tú cead tuismitheora nó caomhnóra a fháil. Ní mór dó nó di cead a thabhairt ach ár Leathanach Cead Tuismitheoirí a úsáid.



Féadfaidh tú cóip den fhaisnéis ar fad atá againn fút a iarraidh ó SquadShare am ar bith. Tabharfaimid duit í laistigh de mhí.



Cloíonn SquadShare leis na rialacha um chosaint sonraí pearsanta. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar ár Leathanach Cosaint Príobháideachais.



Féadfaidh tú do chuntas le SquadShare a scriosadh am ar bith. Scriosfaimid d'fhaisnéis ar fad laistigh de mhí.



**SQUAD
-SHARE-**

LIGEANN SQUADSHARE DUIT ÁR SEIRBHÍSÍ A ÚSÁID SAOR
IN AISCE. TÁ NA CEARTA SEO AG SQUADSHARE DÁ BHARR:

Taifeadann SquadShare nithe fút amhail d'aois, do sheoladh, na nithe agus na daoine a chuardaíonn tú ar an aip, na hamanna den lá a úsáideann tú í agus do láthair nuair a úsáideann tú í.

**SQUAD
-SHARE-**

Taifeadann SquadShare nithe fút amhail do chaithimh aimsire, do scoil, na grúpaí a bhfuil tú iontu, na daoine a seolann tú teachtaireachtaí chucu, agus ábhar do chomhráite poiblí agus príobháideacha ar SquadShare.

**SQUAD
-SHARE-**

Féadfaidh fógróirí rud ar bith a chuireann tú ar SquadShare (grianghraif, físeáin nó faisnéis eile fút) a cheannach chun go bhfaighidh siad amach cé na nithe is maith leat agus fógraí ar na nithe sin a thaispeáint duit.

**SQUAD
-SHARE-**

Féadfar ní ar bith a chuireann tú ar SquadShare (do ghrianghraif, d'fhíseáin nó do smaointe) a dhíol gan do chead a fháil. Níl ceangal ar SquadShare a insint duit gur díoladh é le duine éigin eile agus níl ceangal air ach oiread tú a íoc as.

**SQUAD
-SHARE-**

Tá SquadShare ar an eolas faoi na grianghraif agus na físeáin eile atá agat ar do ghléas, faoin uair a tógadh iad agus faoi do láthair nuair a thóg tú iad, fiú i gcás nár chuir tú ar SquadShare iad riamh.

**SQUAD
-SHARE-**